# Vacsaín Fliú

## Eolas do Mhná Torracha



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Eolas do Mhná Torracha

## 2024-2025

### Maidir leis an mbileog seo

Cuireann an bhileog seo eolas ar fáil maidir le vacsaín an fhliú shéasúraigh. Leagtar béim inti ar an fháth a bhfuil sé tábhachtach go bhfaighfeá an vacsaín fliú má tá tú ag iompar clainne. Tá comhairle agus faisnéis thábhachtach eile ar an mbileog seo, mar shampla, cathain agus conas an vacsaín a fháil le fáil inti.

**Léigh go cúramach í.**

## Céard is fliú séasúrach ann?

Is breoiteacht an-ionfhabhtaíoch é an fliú séasúrach, arb é an víreas fliú is cúis leis. Ionfhabhtaíonn an víreas na haerfheadáin agus na scamhóga.

Scaiptear i measc an phobail é i rith an tséasúir fliú. De ghnáth, tosaíonn an séasúr fliú ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus críochnaíonn sé ag deireadh mhí Aibreáin.

## An féidir leis an bhfliú a bheith ina chúis le tinneas tromchúiseach?

**Is féidir,** is féidir leis an fhliú a bheith ina chúis le breoiteacht thromchúiseach agus d'fhéadfadh sé mná torracha a chur i mbaol a mbáis.

Is féidir leis an bhfliú a bheith ina chúis le niúmóine, broincíteas agus, go hannamh, athlasadh na hinchinne (einceifealaíteas).

Cuireann ionfhabhtú fliú le linn toirchis go mór leis an mbaol breithe anabaí, breithe réamhaibí agus marbh-bhreithe fiú.

## Cén fáth a bhfuil an vacsaín fliú de dhíth orm má táim ag iompar clainne le linn an tséasúir fliú?

Agus tú ag iompar clainne, is ea is dóichí go mbuailfidh aimhréidheanna tromchúiseacha thú má thagann an fliú ort. Cuireann an vacsaín fliú cosaint ar fáil duit le linn do thoirchis agus cuirfidh sé cosaint ar fáil do do leanbh nuabheirthe i rith na gcéad mhíonna den saol freisin.

Is iad leanaí atá faoi bhun sé mhí d'aois na leanaí is mó a bhfuil baol ann go gcuirfear san ospidéal iad má bhíonn an fliú orthu.

## Céard é an vacsaín fliú?

Táirge is ea vacsaín a chabhraíonn le córas imdhíonachta (córas cosanta) an choirp dul i gcoinne ionfhabhtuithe. Athraíonn na víris fliú ó bhliain go bliain agus mar sin de, athraítear an vacsaín fliú gach bliain chun cosaint a chur ar fáil ar thréithchineálacha nua an víris fliú.

## Cén tréimhse den toircheas a mba chóir dom an vacsaín fliú a fháil?

Ba chóir duit an vacsaín fliú a fháil má tá tú torrach i rith an tséasúir fliú.

Is féidir leat an vacsaín fliú a fháil ag am ar bith le linn an toirchis ach a luaithe is a fhaigheann tú é is ea is túisce a bheidh tú cosanta air.

## Bhí mé ag iompar clainne ag deireadh an tséasúir dheireanaigh fliú agus fuair mé vacsaín fliú ansin. Táim fós ag iompar clainne, ar chóir dom an vacsaín fliú a fháil anois?

**Ba chóir.** Ní hionann vacsaín fliú an tséasúir fliú seo agus vacsaín fliú an tséasúir seo caite agus cuirfidh an vacsaín reatha imdhíonacht (cosaint) ar fáil duit ar na tréithchineálacha (cineálacha) fliú a bhfuiltear ag súil leo le linn an tséasúir fhliú seo.

## Cén chaoi a n-oibríonn an vacsaín fliú?

Cabhraíonn an vacsaín fliú le do chóras imdhíonachta antasubstaintí (próitéin a théann i gcoinne ionfhabhtuithe) i gcoinne an víris fliú a chruthú. Má tá an vacsaín fliú faighte agat, agus má bhíonn teagmháil agat leis an víreas fliú, cosnaíonn an vacsaín ar an mbreoiteacht thú.

## Cá fhad a thógann sé go dtí go dtosóidh an vacsaín ag obair?

Tosóidh an vacsaín ag obair laistigh de choicís.

## An bhfuil sé sábháilte don vacsaíniú a dhéanamh orm?

**Tá.** Tá an vacsaín sábháilte do mhná torracha. Tá vacsaíní fliú á dtabhairt do mhná torracha le breis is 50 bliain anuas.

## Céard faoi dhaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu?

Is féidir le formhór na ndaoine a bhfuil ailléirge uibheacha orthu an vacsaín fliú a fháil. Labhair le do dhochtúir ginearálta nó le do chógaiseoir.

## Cé na daoine nár cheart dóibh an vacsaín fliú a fháil?

Má tháinig frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach (anaifiolacsas) ort roimhe seo i leith dáileog den vacsaín fliú nó i leith ceann ar bith dá comhábhair, níor cheart duit an vacsaín fliú a fháil.

Níor cheart dóibh siúd a bhfuil neodrópéine trom orthu (fuilchealla bána ar leith ar leibhéil ísle) aon vacsaín fliú a fháil; seachas iad siúd a bhfuil neodrópéine uath-imdhíonachta príomhúil orthu.

Ba chóir d'othair atá ag glacadh comhchoscairí seicphointe (e.g. ipilumumab agus nivolumab) labhairt lena dochtúir speisialtóra sula bhfaighfidh siad an vacsaín fliú, toisc go bhféadfadh líon na bhfrithghníomhuithe díobhálacha atá bainteach leis an imdhíonacht a bheith méadaithe.

## Cathain ba chóir duit an vacsaín fliú a chur siar ar chúis éigin?

Is beag fáth atá ann go ndéanfá an vacsaíniú fliú a chur siar. Bíodh sin mar atá, b'éigean duit do choinne i gcomhair na vacsaíne a chur ar athló má tá fiabhras (teocht ard) níos airde ná 38°C ort.

Labhair le do dhochtúir teaghlaigh nó do phoitigéir maidir le do choinne a athsceidealú.

## An féidir leis an vacsaín fliú an fliú a chur orm?

**Ní féidir.** Ní féidir leis an víreas fliú an fliú a chur ort.

## An gcosnóidh an vacsaín fliú ar COVID-19 mé?

**Ní chosnóidh.** Ní chosnaíonn an vacsaín fliú daoine ar COVID-19. Tá sé tábhachtach an vacsaín fliú agus an vacsaín i gcoinne

COVID-19 araon a fháil. Is amhlaidh sin toisc gur víris éagsúla is cúis leis an bhFliú agus le COVID-19.

Tig leis an bhfliú agus le COVID-19 a bheith ina gcúis le tinneas tromchúiseach agus, má thagann siad ort, seans go mbeidh ort dul isteach chun an ospidéil. D'fhéadfadh sé a bheith deacair idirdhealú a dhéanamh idir comharthaí sóirt an fhliú agus comharthaí sóirt COVID-19.

Más rud é gur tugadh an vacsaín i gcoinne COVID-19 duit, ba cheart an vacsaín fliú a fháil chomh maith go fóill. Is féidir leat vacsaín i gcoinne COVID-19 a fháil ag an am céanna leis an vacsaín fliú má chuirtear ar fáil duit í.

## Cad iad na fo-iarmhairtí a bhaineann leis an vacsaín?

Is éadrom go maith iad na fo-iarmhairtí coitianta a tharlaíonn. D'fhéadfadh tinneas, deargadh agus at in áit an insteallta a bheith san áireamh leo.

D'fhéadfadh tinneas cinn, matáin phianmhara nó tuirse teacht ort chomh maith. D'fhéadfadh na fo-iarmhairtí sin a bheith ort ar feadh cúpla lá.

Is annamh a bhíonn frithghníomhuithe tromchúiseacha ann; buaileann frithghníomhú tromchúiseach ailléirgeach duine as gach milliún.

## Céard ba chóir dom a dhéanamh mura mothaím go maith i ndiaidh an vacsaínithe?

Má bhíonn teocht ort tar éis an vacsaín a fháil, is féidir paraicéiteamól a ghlacadh. Ní dhéanann sé aon dochar é a thógáil agus tú ag iompar clainne agus cuidíonn sé leat féin agus le do leanbh fiabhras a sheachaint.

Ná glac iobúpróifein ná aspairín **ach amháin** má deir an dochtúir leat é.

**Cuimhnigh:** Mura mbíonn tú ar fónamh tar éis vacsaín a fháil, ná déan dearmad gurbh fhéidir go mbeadh cúiseanna eile leis. Ná glac leis gurb í an vacsaín is cúis leis.

Má tá teocht ort cuir glao ar do Dhochtúir Ginearálta maidir le comhairle leighis.

## Cá háit a bhfaighim an vacsaín fliú?

Tá an vacsaín fliú le fáil ó do dhochtúir teaghlaigh nó ó do chógaiseoir.

Más oibrí cúraim sláinte tú, seans go gcuirfidh do láthair oibre an vacsaín ar fáil ag an obair.

## Cé mhéad a chosnaíonn an vacsaín fliú?

Beidh an vacsaín fliú agus an seisiún comhairliúcháin leis an dochtúir teaghlaigh nó an poitigéir atá agat **saor in aisce.**

Socraigh coinne leis an dochtúir ginearálta nó leis an chógaiseoir atá agat le linn an tséasúir fliú seo.

Chun níos mó eolais a fháil, féach: **www.hse.ie/flu**

Is féidir leat nasc chuig an mbileog faisnéise d'othair maidir leis an vacsaín a fháil freisin ag **www.hpra.ie**. Déan cuardach ar Influvac Tetra nó Vacsaín Fliú Cheathairfhiúsach.

**Ráiteas Príobháideachais:** Chun vacsaín a thabhairt go sábháilte agus chun na sonraí riachtanacha le haghaidh monatóireacht agus bainistiú vacsaíní a thaifeadadh beidh an FSS ag próiseáil do shonraí pearsanta. Beidh na sonraí go léir a phróiseálann FSS i gcomhréir leis an reachtaíocht um chosaint sonraí éagsúla lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2018, Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS), agus an tAcht um Aitheantóirí Sláinte, 2014. Próiseálfar do shonraí go dleathach agus go cothrom. Ní phróiseálfar na sonraí ach chun críocha sonracha lena n-áirítear chun vacsaíní a bhainistiú, cláir vacsaínithe a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, cliaint a dhearbhú agus cúram sláinte a sholáthar. D'fhéadfadh comhroinnt sonraí idir ranna FSS tarlú freisin.

An Oifig Náisiúnta Imdhíonta

www.hse.ie/flu

Cód ordaithe: HNI00720

Lúnasa 2024